Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Nollaig 2022
(OR. en)

15931/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0232(COD)**

**CODEC 1994**
**TRANS 787**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70 ón gComhairle lena dtugtar isteach córas cuntasaíochta don chaiteachas ar bhonneagar i leith iompar d'iarnród, de bhóthar agus d'uiscebhealach intíre, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 851/2006 ón gCoimisiún lena sonraítear na hítimí atá le cur san áireamh faoi na ceannteidil éagsúla i bhfoirmeacha na gcuntas a léirítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70 ón gComhairle **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 3 Lúnasa 2022, chuir an Coimisiún a thogra[1], atá bunaithe ar Airteagal 91 CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún agus chinn sé gan aon tuairim a thabhairt uaidh[2].

3. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 26 Deireadh Fómhair 2022[3].

[1] 11755/22.
[2] 13544/22.
[3] 14427/22.

4. An 13 Nollaig 2022, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú ar tháinig na hinstitiúidí air maidir leis an togra ón gCoimisiún a ghabháil chuici féin agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[4].

5. Ag an gcruinniú a bhí aige an 13 Nollaig 2022, dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe go n-aontaíonn sé leis sin agus chomhaontaigh sé a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa a ghlacadh, mar a leagtar amach in PE-CONS 68/22 é, a fhormheas mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

6. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

---

[4] 15928/22.